C/2025/6083

11.11.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12157 — AIP / INTERNATIONAL PAPER (GLOBAL CELLULOSE FIBERS BUSINESS))

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/6083)

1. An 31 Deireadh Fómhair 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— AIP, LLC ('AIP', na Stáit Aontaithe),

— GCF (an Áise) Limited (Hong Cong), International Paper Cellulose Fibers sp. z o.o. (an Pholainn), GCF US Holdings, LLC (na Stáit Aontaithe), agus International Paper Canada Pulp Holdings ULC (Ceanada), gach ceann acu faoi rialú ag International Paper Company ('IP', na Stáit Aontaithe) (go comhpháirteach, 'IP Global Cellulose Fibres Business').

Gheobhaidh AIP rialú aonair go hindíreach ar IP Global Cellulose Fibers Business, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach urrús.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh é AIP atá dírithe ar ghnólachtaí tionsclaíocha a cheannach agus a fheabhsú. Ceann dá chuideachtaí punainne, Attindas (na Stáit Aontaithe), déanann sé táirgí sláinteachais ionsúiteacha a dhearadh, a mhonarú agus a mhargú. Díolann Attindas táirgí neamhchoinneálachta aosach agus clúidíní naíonán, i measc táirgí eile, in earnáil an chúraim sláinte, an mhiondíola, agus in earnáil go díreach chuig an tomhaltóir faoi bhrandaí lena n-áirítear Attends, Indas agus Comfees,

— Táirgeann IP Global Cellulose Fibers Business snáithíní ceallalóise, is é sin amhábhar in-athnuaite a úsáidtear i raon leathan táirgí laethúla, lena n-áirítear clúidíní, táirgí fíocháin agus tuáille, cúram ban, earraí neamhchoinneálachta, agus táirgí cúraim phearsanta eile.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

Cás M.12157 — AIP / INTERNATIONAL PAPER (GLOBAL CELLULOSE FIBERS BUSINESS)

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË